V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10906 – INFRAVIA / LIBERTY GLOBAL / TELEFÓNICA / OPAL)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 410/08)

1. An 18 Deireadh Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— InfraVia Capital Partners S.A.S. ("InfraVia", an Fhrainc),

— Liberty Global plc ("Liberty Global", an Ríocht Aontaithe),

— Telefónica S.A. ("Telefónica", an Spáinn),

— Liberty Global Investment JVco Limited ("Opal", an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh InfraVia, Liberty Global agus Telefónica comhrialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Opal.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás InfraVia, is cuideachta infheistíochta neamhspleách é a ghníomhaíonn mar chuideachta bainistíochta le haghaidh cistí infheistíochta atá speisialaithe sna hearnálacha bonneagair agus teicneolaíochta,

— i gcás Liberty Global, oibríonn sé líonraí cábla a chuireann seirbhísí teilifíse, idirlín leathanbhanda, guth-theileafónaíochta líne fosaithe agus teileachumarsáide móibílí ar fáil i roinnt tíortha san Eoraip, lena n-áirítear trí VMED O2 UK Limited ("Virgin Media O2") sa Ríocht Aontaithe, atá faoi chomhrialú le Telefónica,

— i gcás Telefónica, is cuideachta teileachumarsáide dhomhanda é a oibríonn líonraí cumarsáide seasta agus móibíleacha, a chuireann seirbhísí móibíleacha, líne talún, idirlín agus teilifíse ar fáil faoi roinnt brandaí, lena n-áirítear trí Virgin Media O2 sa Ríocht Aontaithe, atá faoi chomhrialú le Liberty Global.

3. Is iad na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag Opal líonra mórdhíola snáithín optúil chomh fada leis an mbaile a thógáil agus a oibriú d'fhonn an líonra a mhórdhíol le Virgin Media O2, soláthraithe seirbhíse idirlín tríú páirtí agus custaiméirí gnó sa Ríocht Aontaithe.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le láimhseáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10906 – INFRAVIA / LIBERTY GLOBAL / TELEFÓNICA / OPAL

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.